



An Coimisiún um  
**Rialáil Cumarsáide**  
Commission for  
**Communications Regulation**

# Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Scéim Teanga 2020 - 2023

**An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide**  
**Commission for Communications Regulation**

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.

One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel +353 1 804 9600 Suíomh | Web [www.comreg.ie](http://www.comreg.ie)

# Ábhar

Mír	Leathanach
1: Réamhrá agus Cúlra .....	3
1.1 Réamhrá .....	3
1.2 Ullmhúchán agus Ábhar na Scéime .....	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime .....	4
2: Maidir le ComReg.....	5
2.1 Forbhreathnú.....	5
2.2 Freagrachtaí.....	6
3: Sonraí maidir le seirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin nó dátheangach faoi láthair .....	8
3.1 Seirbhísí do Thomhaltóirí .....	8
3.2 Seirbhís Chuntair .....	8
3.3 Seirbhísí ar líne .....	8
3.4 Córas Ceistanna agus Gearán.....	8
4: Ag Feabhsú Rochtain ar Sheirbhísí i nGaeilge .....	9
5: Ag Cur le Cumas Teanga.....	14
5.1 Earcú.....	14
5.2 Oiliúint agus Forbairt .....	14
5.3 Poist Ainmnithe don Ghaeilge .....	16
6: Monatóireacht agus Athbhreithniú .....	17
7: Fógraíocht ar an Scéim Aontaithe .....	18

# 1: Réamhrá agus Cúlra

## 1.1 Réamhrá

Faoi fhoráil in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ullmhaíonn comhlachtaí poiblí scéimeanna teanga ina dtugtar mionsonraithe maidir leis na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus Béarla

chomh maith le bearta a roghnófar d'fhonn a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm, taobh istigh den scála ama atá aontaithe, aon seirbhísí nach bhfuil á gcur ar fáil ag an gcomhlacht faoi láthair trí mheán na Gaeilge.

I gcomhréir le Cuid 14 (3) den Acht, bíonn feidhm le scéimeanna teanga ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbíonn scéim nua teanga dearbhaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, nó cibé acu an ceann deiridh.

## 1.2 Ullmhúchán agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ina theannta sin bhí próiseas comhairliúcháin cuimsitheach ar bun le páirtithe leasmhara.

Tá an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) faoi threoir ag an bprionsabal gur chóir go mbeadh soláthar na seirbhísí trí Ghaeilge bunaithe ar:

- an bhunleibhéal éilimh atá ann le haghaidh seirbhísí ar leith trí Ghaeilge,
- an tábhacht atá le cur chuige réamhghníomhach maidir le soláthar na seirbhísí, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus an cumas atá ag ComReg ó thaobh forbairt a dhéanamh ar na hacmhainní teanga atá riachtanach nó an rochtain atá aige orthu.

Tagann an scéim seo leis na prionsabail a bhaineann le Seirbhís d'Ard Chaighdeán don Chustaiméir agus lenár gCairt Custaiméirí. Leagadh amach é lena chinntiú go mbeidh na dualgais chuí ar fad a eascraíonn as Acht na dTeangacha Oifigiúla á gcomhlíonadh go hincriminteach ag ComReg tríd an scéim seo agus trí scéimeanna a thiocfaidh ina diaidh.

Tugtar aitheantas agus buíochas as a gcuid ama agus iarrachtaí dóibh siúd ar fad a bhí páirteach sa phróiseas.

### 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo dearbhaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Cuirfear tús léi le héifeacht ó **21 Nollaig 2020** agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua dearbhaithe, cibé acu an ceann deiridh.

## 2: Maidir le ComReg

### 2.1 Forbhreathnú

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil a dhéanamh ar an earnáil chumarsáide agus leictreonach (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus tarchur craolacháin) agus ar an earnáil poist. Is muid an t-údarás náisiúnta rialála do na hearnálacha sin i gcomhréir le dlí an AE, dlí a bhíonn ionchódaithe ina dhiaidh sin i reachtaíocht na hÉireann. Bunaíodh ComReg ar 1 Nollaig 2002 agus tá sé á threorú ag Coimisiún ar a bhfuil suas le triúr Coimisinéir.

Faoi réir na nAcht Rialachán um Chumarsáid 2002 go dtí 2011, tá réimse feidhmeanna agus cuspóirí ag ComReg maidir le líonraí cumarsáide leictreonacha, seirbhísí cumarsáide leictreonacha agus seirbhísí poist a chur ar fáil.

Ina measc tá:

- A chinntiú go gcomhlíonann oibritheoirí a ndualgais
- Iomaíocht a spreagadh
- Cuidiú le forbairt a dhéanamh ar an margadh inmheánach
- Leas na n-úsáideoirí a chur chun cinn taobh istigh den Chomhphobal Eorpach
- A chinntiú go mbíonn an speictream minicíochta raidió agus na huimhreacha ón scéim uimhrithe náisiúnta á mbainistiú agus á n-úsáid go héifeachtúil
- Forbairt a chur chun cinn san earnáil poist, go háirithe maidir le rochtain ar sheirbhís uilíoch
- Leasanna úsáideoirí deiridh na seirbhísí ardráta a chosaint

Tá an Coimisiún, mar aon leis an bhFoireann Cheannasaíochta freagrach as bainistiú straitéiseach agus oibríochta na heagraíochta. Chun ár misean a chur i bhfeidhm agus ár gcuspóirí rialála a bhaint amach braitheann ComReg ar dhícheall ár bhfoireann ar fad (ag cur san áireamh dlíodóirí, eacnamaithe, innealtóirí, cuntasóirí, anailísithe gnó agus speisialtóirí i gcúrsaí riaracháin).

Feidhmíonn ComReg mar chomhlacht coláisteach, le cinní á nglacadh ag na Coimisinéirí ar bhonn comhchoiteann. Feictear dúinn go bhfuil tábhacht ag baint leis seo ó thaobh spioraid an Achta Rialacháin Cumarsáide 2002 (arna leasú), faoinar bunaíodh an Coimisiún, a chomhlíonadh. Tá ár struchtúr bunaithe ar fhoirne ilréimsiúla a bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht ildisciplíneach.

## 2.2 Freagrachtaí

Is eagraíocht é ComReg ar a bhfuil réimse leathan de fhreagrachtaí i leith na teileachumarsáide (nó, le bheith beacht faoi, i leith seirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonacha), agus i leith bainistiú a dhéanamh ar phost agus ar speictream.

Leagadh síos ár gcuspóirí chun teacht leis an reachtaíocht phríomha agus thánaisteach agus tá an creat reachtach seo fós á fhorbairt. In 2007, mhéadaigh an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2007 (Leasú) freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg, agus méadaíodh freisin na beartais fhorfheidhmithe a bhfuil fáil orthu. Go háirithe, tugadh cumhachtaí do ComReg faoin Acht Iomaíochta i dtaca le seirbhísí agus cumarsáid leictreonacha. D'aistrigh an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Infreastruchtúr um Chumarsáid Leictreonach) 2010 an fhreagracht i leith rialáil na seirbhísí ardráta chuig ComReg agus chuir ComReg tús le rialáil sa réimse seo i mí Iúil 2010. Tagann Rialachán Poist faoi scáth an Achta Poist 2011.

Mar achoimre, comhlíonann ComReg na ról seo a leanas maidir le cur chun cinn na hiomaíochta, cosaint do na tomhaltóirí agus spreagadh na nuálaíochta.

### Ag Cosaint Tomhaltóirí agus á gCur ar an Eolas

Baineann an ról seo le tomhaltóirí gnó agus tomhaltóirí cónaithe araon, chomh maith le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar thomhaltóirí, agus áireofar leis an teileachumarsáid, oibríochtaí ceadúnú speictream agus seirbhísí poist. Áirítear anseo gach forbairt rialacháin a mbíonn tionchar aige ar thomhaltóirí miondíola, ina measc chur i bhfeidhm na bhforálacha cosanta tomhaltóra atá i dTreoracha i leith Post agus Seirbhísí Uilíochta. Soláthraíonn ComReg eolas don tomhaltóir faoi bhearta réamhghníomhacha ar nós treoirleabhair don tomhaltóir agus Suímh Ghréasáin le haghaidh comparáid phraghsála a dhéanamh, agus glacann sé ról tacaíochta ar son na dtomhaltóirí ar fad ó thaobh seirbhísí cumarsáide leictreonacha. [Déanann ComReg maoirseacht freisin ar fhorbairt straitéiseach maidir le feidhmiú Oibríochtaí Ceadúnaithe, a bhíonn ag plé le breis agus 16,000 ceadúnas in aghaidh na bliana.]

### Ag Spreagadh Iomaíochta

Sa ról seo spreagfar iomaíocht a oiread agus is féidir i leith Leathanbhanda, Guth agus An Prótagal Guth thar Idirlíon, trí bheartais éagsúla lena n-áirítear Díchuachadh Lúb Áitiúil, sruth giotáin, leathanbhanda gan sreang (lena n-áirítear leathanbhanda soghluaiste gan sreang), cábla agus infreastruchtúr malartach. Áirítear freisin breis iomaíochta a spreagadh sa réimse soghluaiste trí Oibritheoirí nua Líonraí Soghluaiste Fíorúla, athbhreithniú agus (más gá) leasuithe a dhéanamh ar an gcóras praghsála mórdhíola líonra socraithe, agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh dualgais na n-oibritheoirí i leith na gcreataí rialacháin do chúrsaí teileachumarsáide agus speictrim.

## Ag Spreagadh na Nuálaíochta

Cuimsíonn an ról seo an nuálaíocht maidir le rialáil, ar nós athbhreithniú margaíochta a chur i bhfeidhm faoin gcreat nua Eorpach um rialú, agus nuálaíocht sa teicneolaíocht. Cuimsíonn an ról freisin leasú a dhéanamh ar straitéis speictrim ComReg, tionscnaimh nua i dtaca le ceadúnú sa réimse gan sreang, agus bolscaireacht ar son na hÉireann mar ionad le haghaidh tástáil a dhéanamh ar fheidhm nua don speictream. Áireofar freisin forbairt ar straitéis cheannródaíoch don rialáil teileachumarsáide, ag cur san áireamh treochtaí nua i gcúrsaí teicneolaíochta, eacnamaíochta agus rialála. Cuimseofar freisin forbairt ar sheirbhísí poist agus an creat rialála a bhainfidh leis sin.

## 3: Sonraí maidir le seirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin nó dátheangach faoi láthair

### 3.1 Seirbhísí do Thomhaltóirí

Soláthraíonn ComReg eolas don tomhaltóir maidir le bearta réamhghníomhacha ar nós treoirleabhair don tomhaltóir agus áireamhain chomparáid praghsanna, agus glacann sé ról tacaíochta ar son na dtomhaltóirí ar fad ó thaobh seirbhísí agus cumarsáide leictreonacha. Tá na treoirleabhair don tomhaltóir ar fáil go dátheangach. Déanfaidh ComReg uasdátú agus athfhoilsiú ar na treoirleabhair sin le linn tréimhse feidhme na scéime. Cuirfear cóip bhog agus cóip chrua dhátheangach de threoirleabhair nua a fhoilsítear ar fáil, agus déanfar é go comhuaineach. Tá eolas teagmhála dátheangach ar fáil don tomhaltóir ar shuíomh gréasáin ComReg, leanfar ag cur an eolais seo ar fáil i bhfoirm dhátheangach le linn tréimhse feidhme na scéime.

### 3.2 Seirbhís Chuntair

Is iad an fhoireann ag an deasc fáilte i gceanncheathrú ComReg amháin a chuireann seirbhís chuntair ar fáil. Tá sé ar chumas na foirne beannú do chuariteoirí i nGaeilge agus teagmháil a dhéanamh le pé ball foirne atá ainmnithe chun déileáil le ceisteanna i nGaeilge.

### 3.3 Seirbhísí ar líne

Tá teacht ar eolas dátheangach ar shuíomh gréasáin ComReg faoi láthair. Tugtar tuilleadh eolais i gCaibidil 4 maidir le beartais a chuirfidh feabhas ar an tseirbhís seo. Tá seoladh ríomhphoist bunaithe chun déileáil le ceisteanna i nGaeilge: [gaeilge@comreg.ie](mailto:gaeilge@comreg.ie)

### 3.4 Córas Ceisteanna agus Gearán

Tá ball foirne sa rannóg seirbhísí tomhaltóra ar fáil chun déileáil le gearáin ó chustaiméir agus le gearáin trí Ghaeilge. Leanfar ag cur na seirbhíse seo ar fáil a fhad agus a mhairfidh an scéim.



## 4: Ag Feabhsú Rochtain ar Sheirbhísí i nGaeilge

Tá na forálacha sa tábla thíos éigeantach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Modhanna chun plé leis an bpobal		Tiomantas	
<b>Fógra taifeadta béil</b>	Beidh na fógraí béil seo a leanas i nGaeilge nó i bhfoirm dhátheangach:		Éigeantach
	<p>(a) Fógraí taifeadta béil a chuirtear ar an nguthán nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógraí taifeadta béil a chuirtear amach ar chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí taifeadta béil a chruthaítear agus a chuirtear amach mar theachtaireacht trí chóras ríomhaireachta nó trí chóras ríomhairithe freagartha gutháin;</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí atá ‘taifeadta’ seachas iad a bheith ‘beo’.</p> <p>Nuair a bhíonn Ordú i leith Logainm i bhfeidhm is gá do chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge d’ainm na háite a luaitear leis an Ordú sin a úsáid in aon fhógraí béil a dhéanann an comhlacht féin nó a bhíonn déanta ar a shon.</p>		
<b>Cumarsáid Scríofa</b>	<b>Litreacha agus ríomhphost</b>	Freagrófar gach cumarsáid a thagann i bhfoirm scríofa sa teanga oifigiúil inar tháinig sé.	Éigeantach
	<b>Stáiseanóireacht</b>	Ceannlínte stáiseanóireachta, nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach curtha ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach

<b>Comharthaíocht</b>	<b>Comharthaíocht</b>	Aon chomharthaíocht a chuireann An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide in airde, nó a ndéantar amhlaidh ar a shon, beidh siad i nGaeilge nó i bhfoirm dhátheangach, de réir na rialúchán (S.I. No.391/2008).	
<b>Foilseacháin</b>	<b>Foilseacháin</b>	Foilseofar go comhuaineach, i nGaeilge agus i mBéarla, cáipéisí ina leagtar síos tograí ar bheartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis i leith straitéisí.	Éigeantach
	<b>Ciorcláin nó coir phoist</b>	Nuair a dhéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó trí ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó le grúpa sa phobal ar mhaithe le heolas a chur ar fáil don phobal nó don ghrúpa sin, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh an chumarsáid.	Éigeantach
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Logainmneacha Gaeltachta</b>	Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as ainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta faoi réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Tabharfaidh ComReg faoi na nithe seo a leanas chomh maith:

<b>Modhanna chun plé leis an bpobal</b>	<b>Tiomantas</b>	<b>Amlíne Faoi dheireadh BI 1 / BI 2 / BI 3</b>	
<b>Cumarsáid ó bhéil agus cumarsáid scríofa</b>	<b>Fáiltiú</b>	Más mian le ball den phobal labhairt le duine i nGaeilge, déanfaidh ár bhfoireann ag an deasc fáilte teagmháil leis an duine cuí.	<b>Go leanúnach</b>
	<b>Lasc-chlár</b>	Tugann an fhoireann ag an deasc fáilte / ag an lasc-chlár ainm an Chomhlachta i nGaeilge agus i mBéarla. Tá na beannachtaí bunúsacha Gaeilge ag na baill foirne seo, agus is féidir leo daoine a chur i dteagmháil, gan aon mhoill, le ball atá in ann Gaeilge a labhairt.	<b>Go leanúnach</b>
	<b>Cumarsáid ar an nguthán leis an bpobal</b>	Tá an teachtaireacht ‘taobh amuigh d’ uaireanta gnó’ i nGaeilge agus i mBéarla.	<b>Go leanúnach</b>
	<b>Fógraí beo</b>	Cé nach mbaintear úsáid as fógraí beo, má bhíonn gá leis an tseirbhís áirithe seo sa todhchaí cinnteoidh muid go mbeidh sé de réir na reachtaíochta.	<b>Go leanúnach</b>
	<b>Bileoga eolais agus bróisiúir</b>	Cuirtear bróisiúir agus bileoga eolais don phobal i gcoitinne ar fáil sa dá theanga.	<b>Go leanúnach</b>
	<b>Foirmeacha iarratais</b>	Tá na foirmeacha iarratais ar fad ar fáil sa dá theanga.	<b>Go leanúnach</b>
	<b>Preaseisiúintí agus fainicí</b>	Tá sé mar aidhm againn 20% dár bpreaseisiúintí a aistriú go Gaeilge gach bliain. Tá sé mar chuspóir	<b>Go leanúnach</b>

		againn an t-ábhar seo a eisiúint sa dá theanga ag an am céanna.	
	<b>Seirbhís ‘aghaidh ar aghaidh’</b>	Níl seirbhís ‘aghaidh ar aghaidh’ ar fáil ach amháin ag an deasc fáilte. Tá fógra ag an deasc fáilte a thugann ainmneacha agus folínte na mball foirne atá in ann déileáil le ceisteanna i nGaeilge.	<b>Go leanúnach</b>
<b>Na Meáin</b>	<b>Urlabhraí</b>	Beidh fáil ar urlabhraí / urlabhraithe le Gaeilge le haghaidh agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge (ag brath ar dhuine a bheith ar fáil ag am an iarratais).	<b>Go leanúnach</b>
	<b>Óráidí</b>	Beidh ábhar i nGaeilge mar chuid de na hóráidí as Béarla. I measc an ábhair seo beidh, ar a laghad, beannachtaí i nGaeilge ag tús agus ag deireadh na hóráide agus tagairtí anseo is ansiúd i nGaeilge d’ábhar na hóráide agus/nó don ócáid atá i gceist.	<b>Go leanúnach</b>
<b>Teicneolaíocht na Faisnéise</b>	<b>Ríomhphost</b>	Faoi mar a éilíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla, freagraíonn muid i nGaeilge ríomhphoist a thagann chugainn i nGaeilge. Tá ár dteachtaireachtaí ‘As an Oifig’ dátheangach go huathoibríoch.  Beidh an clásail séanta r-phoist agus an t-eolas teagmhála sa dá theanga ar gach síniúchán r-phoist.  Tá seoladh ríomhphoist bunaithe againn chun déileáil le ceisteanna i nGaeilge: <a href="mailto:gaeilge@comreg.ie">gaeilge@comreg.ie</a> .	<b>Go leanúnach</b>

	<b>Suíomh Gréasáin</b>	Beidh an t-eolas seo a leanas ar fáil sa dá theanga ar ár suíomh gréasáin: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Eolas Fúinn</li> <li>• Ceannteidil nascleanúna Príomha, Tánaisteacha agus Treasacha</li> <li>• Eolas Teagmhála</li> <li>• Eolas Tomhaltóra</li> <li>• Eolas Rochtana</li> </ul>	<b>Go leanúnach</b>
	<b>Seirbhísí Idirghníomhacha</b>	Níl aon seirbhísí idirghníomhacha ag ComReg faoi láthair. Má bhíonn seirbhísí idirghníomhacha againn amach anseo cuirfear i bhfeidhm iad ag an am céanna sa dá theanga, de réir mar a oireann.	<b>Go leanúnach</b>
<b>Gaeltacht</b>	<b>Cruinnithe</b>	Beidh cruinnithe a eagrófar sa Ghaeltacht á stiúradh sa dá theanga, cuirfear aon cháipéisíocht a bhaineann le hábhar ar fáil sa dá theanga ag an am céanna.	<b>Go leanúnach</b>

## 5: Ag Cur le Cumas Teanga

### 5.1 Earcú

Is é earcú foirne agus an cumas cuí sa Ghaeilge acu, i ngach réimse oibre de chuid ComReg, an príomhbhealach atá againn le cur le méid na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge. Tabharfar aitheantas inár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata do nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta aontaithe, don ghá atá ann feabhas a chur de réir a chéile ar an gcumas teanga.

Le linn do bhaill nua foirne a bheith i mbun oiliúint ionduchtaithe cuirfear iad ar fad ar an eolas faoin Scéim Teanga Gaeilge chun a chinntiú go bhfuil a fhios acu faoinár dtiomantas i leith na reachtaíochta.

### 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá ComReg, tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe mar is ceart, ag brath ar acmhainní. Cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas faoi na deiseanna / áiseanna atá ar fáil chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

Oiliúint agus Forbairt		Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh BI 1 / BI 2/ BI 3
Ag feabhsú cumas sa Ghaeilge	Earcaíocht	Tacóidh ComReg le fostú foirne nua a bhfuil Gaeilge acu sna rannóga cuí (i.e. Seirbhísí Custaiméirí)  Cuirfear gach ball nua foirne ar an eolas faoinár Scéim Gaeilge agus iad faoi oiliúint, chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas maidir leis na freagrachtaí atá orainn faoin reachtaíocht.	Go leanúnach
	Oiliúint / Soláthar Acmhainní	Leagann ComReg béim ollmhór ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ár mball foirne agus cuirimid maoiniú	Go leanúnach

		<p>ar fáil do bhaill foirne reatha ar mhaith leo cur lena gcuid scileanna. Mar sin:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Cuirfear deiseanna ar fáil do bhaill foirne ar mhaith leo cur lena gcumais Ghaeilge.</li><li>• Cuirfear liosta de na cúrsaí Gaeilge atá ar fáil faoi láthair ar ár n-inlíon</li><li>• Cuirfear tacaíocht ar fáil do bhaill foirne ar mhaith leo cur lena gcumais Ghaeilge trí Bheartas um Fhorbairt Ghairmiúil agus An Phlean um Fhoghlaim agus Fhorbairt de chuid ComReg. Is í an aidhm ná:<ul style="list-style-type: none"><li>➤ tacú le baill foirne i gcothú agus forbairt a gcumas sa Ghaeilge;</li><li>➤ cuir le cumais bhaill foirne a gcuid dualgas Gaeilge a chomhlíonadh agus iad i mbun a gcuid oibre, agus</li></ul></li><li>• Cuirfear an fhoireann riaracháin ar an eolas maidir le hacmhainní teanga ar nós: <a href="http://www.tearma.ie">www.tearma.ie</a>, <a href="http://www.teanglann.ie">www.teanglann.ie</a>, <a href="http://www.focloir.ie">www.focloir.ie</a>, <a href="http://www.abair.ie">www.abair.ie</a> chomh maith le WinGléacht, leagan leictreonach foclóir Gaeilge – Béarla Ó Dónaill. Cuirfear an leagan Gaeilge de Microsoft Word ar fáil nuair is cuí.</li></ul>	
--	--	---	--

	<b>Rannpháirtíocht in imeachtaí chun an teanga a chur chun cinn</b>	Spreagfar na baill foirne le bheith páirteach in imeachtaí cultúrtha agus teanga. Beidh eolas faoi na himeachtaí seo ar fáil ar an inlíon.	<b>BI 1</b>
	<b>Tionscnaimh Eile</b>	Cuirfear eolas ó Oifig an Choimisinéara Teanga ar taispeáint sna ceaintíní foirne agus ar fáil don fhoireann ar an inlíon.  Beidh ceist a bhaineann le cumas Gaeilge an iarratasóra ar fhoirmeacha iarratais.  “Cupán Caife” - Beidh maidin chaife neamhfhoirmiúil ag foireann ComReg uair in aghaidh na ráithe.	<b>BI 1</b>

### 5.3 Poist Ainmnithe don Ghaeilge

Tá na poist thíosluaite ainmnithe mar phoist a bhfuil cumas sa Ghaeilge riachtanach ina leith. Tá sé i gceist go mbeadh caighdeán creidiúnaithe áirithe sa Ghaeilge bainte amach ag daoine sna poist sin, caighdeán a bheadh i gcomhréir le cúraimí an phoist. Nuair a bheidh na poist sin á sonrú, tabharfar aird ar leith ar aon phost atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó atá lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht i gceantar ina bhfuil formhór na gcustaiméirí sa Ghaeltacht nó / agus i bpobal ina labhraítear an Ghaeilge.

<b>Teideal an Poist</b>	<b>Láthair</b>	<b>Léargas ar an gcaighdeán Gaeilge atá riachtanach (roghnaigh: bunúsach, meánleibhéal nó ardleibhéal)</b>
Foireann fáilte	Príomhoifig / lasc-chlár	Bunúsach
Seirbhísí Custaiméirí	Príomhoifig	Ardleibhéal
Preasoifig	Príomhoifig	Ardleibhéal



## 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Seirbhísí Corparáideacha, arna bhainistiú ag An Roinn Gnóthaí Poiblí, monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime. Is í Jennifer Gartland, [jennifer.gartland@comreg.ie](mailto:jennifer.gartland@comreg.ie), +353 (0) 1804 9654 an teagmhálaí don scéim. Fáiltítear roimh aiseolas, ceisteanna agus fiosrúcháin maidir leis an scéim agus bainfear úsáid astu seo nuair a bheidh Scéimeanna Teanga eile á leagan amach ag ComReg amach anseo.

Beidh fáil ar chóras foirmiúil trína ndéanfar monatóireacht ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus déanfar taifead air seo inár dTuarascáil Bhliantúil.

## 7: Fógraíocht ar an Scéim Aontaithe

Déanfar fógraíocht ar an scéim seo taobh amuigh agus taobh istigh agus is trí phreasráiteas a bheidh sé déanta ar dtús. Beidh leagan sa dá theanga ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus scaipfear é ar an bhfoireann ar fad agus ar na gníomhartha cuí. D'fhéadfaí modhanna eile a úsáid freisin chun poiblíocht a dhéanamh ar an scéim.

Anuas air sin, tapófar gach deis agus muid ag déileáil leis an bpobal ó lá go lá le heolas a scaipeadh agus fógraíocht a dhéanamh maidir leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn trí Ghaeilge ar na modhanna thíosluaite:

- cuirfear custaiméirí ar an eolas go díreach agus go réamhghníomhach i dtaobh an rogha atá acu a ngnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla trí na fógraí a chrochfar ag láithreacha fáilte ag tabhairt eolais maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge;
- beidh liosta de na seirbhísí sin go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;
- roghnófar treoirleabhair, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais agus tabharfar le fios iontu sin go bhfuil leagan Gaeilge den cháipéis ar fáil, mura bhfuil sé dátheangach cheana féin.
- cinnteofar go mbeidh an t-ábhar atá i nGaeilge chomh feiceálach céanna leis an ábhar Béarla.

Cuirfear cóip den scéim aontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.